Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 28 Samhain 2024 (OR. en)**

**16368/24**

**COH 75**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 28 Samhain 2024 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 15498/24 |
| Ábhar: | Ról an bheartais comhtháthaithe chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhéimeagrafacha san Aontas<br>- Conclúidí ón gComhairle (an 28 Samhain 2024) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le ról an bheartais chomhtháthaithe chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhéimeagrafacha san Aontas, mar a d'fhormheas an Chomhairle (Gnóthaí Ginearálta/Comhtháthú) iad ag an 4062ú cruinniú a bhí aici an 28 Samhain 2024.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle maidir le ról an bheartais comhtháthaithe chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhéimeagrafacha san Aontas**

I bhFIANAISE AN MHÉID SEO A LEANAS:

(1) I nDearbhú Granada an 6 Deireadh Fómhair 2023, leagadh béim ar an ngá atá le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhéimeagrafacha, mar chuid de na hiarrachtaí chun Eoraip níos láidre, níos dinimiciúla, níos iomaíche agus níos comhtháite a fhorbairt sa domhan síorathraitheach seo, faoi threoir phrionsabail agus luachanna na hEorpa, prionsabail na gceart bunúsach, an daonlathais agus an smachta reachta;

(2) Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach dar teideal 'An t-athrú déimeagrafach san Eoraip: bosca uirlisí le haghaidh gníomhaíochta', leagadh béim ar a thábhachtaí atá sé go ndéanfaidh na Ballstáit ábhair imní dhéimeagrafacha a phríomhshruthú i dtograí beartais ábhartha agus sna measúnuithe tionchair a ghabhann leo, agus go ndéanfaidh an Coimisiún amhlaidh ar leibhéal an Aontais, i gcás inarb iomchuí;

(3) Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach dar teideal 'Leas a bhaint as an tallann i Réigiúin na hEorpa', leagtar béim ar na dúshláin atá roimh na réigiúin is mó atá thíos leis an aistriú déimeagrafach leanúnach, go háirithe réigiúin atá i sáinn na forbartha tallainne, ar réigiúin bheagfhorbartha iad a bhformhór, agus réigiúin atá i mbaol titim sa tsáinn sin, chomh maith leis na rioscaí gaolmhara maidir le teacht chun cinn éagothromaíochtaí críochacha atá nua agus méadaithe san Aontas;

(4) Sna Conclúidí ón gComhairle maidir leis an athrú déimeagrafach a bhainistiú san Eoraip, leagadh béim ar an ngá atá le gníomhaíocht bhreise chun an t-athrú déimeagrafach a bhainistiú trí iarrachtaí leanúnacha a dhéanamh chun an t-athrú déimeagrafach agus a thionchar ar an iomaíochas, ar an gcaipiteal daonna agus ar an gcomhionannas a léiriú, i bhfianaise an phlé a dhéanfar amach anseo ar ábhar a ngabhann tábhacht straitéiseach leis don Aontas;

(5) Sna Conclúidí ón gComhairle maidir leis an mbeartas comhtháthaithe, sna Conclúidí ón gComhairle maidir le todhchaí an bheartais comhtháthaithe agus sna Conclúidí ón gComhairle i ndáil leis an Teachtaireacht maidir leis an 9ú Tuarascáil faoin gComhtháthú, leagadh béim ar an aistriú digiteach, an t-aistriú glas agus an t-aistriú déimeagrafach atá roimh an Aontas, chomh maith leis na dúshláin reatha agus atá ag teacht chun cinn, a liostaítear iontu;

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS:

(6) AITHNÍONN SÍ go bhfuil ról ríthábhachtach ag dúshláin dhéimeagrafacha maidir le todhchaí réigiúin agus shaoránaigh uile an Aontais a mhúnlú agus go bhféadfadh tionchar suntasach a bheith acu ar an gcomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, agus ar athléimneacht agus iomaíochas an Aontais ina iomláine, rud a d’fhéadfadh éagothromaíochtaí idir réigiúin agus laistigh díobh a leathnú;

(7) AITHNÍONN SÍ go bhfuil an beartas comhtháthaithe ar cheann de na hionstraimí is tábhachtaí de chuid an Aontais lena rannchuidítear le dul i ngleic le dúshláin dhéimeagrafacha trí thacú le bearta maolaithe agus oiriúnaithe araon, go háirithe trí Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) trí infheistíocht a dhéanamh sna daoine, i gcaipiteal daonna, sa chuimsiú sóisialta agus sa nuálaíocht shóisialta, agus trí Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) trí infheistíocht a dhéanamh i gclaochlú eacnamaíoch cothrom agus san athbheochan, sa nuálaíocht, sa digitiú, chomh maith le bonneagar inbhuanaithe agus seirbhísí inrochtana sna réigiúin;

(8) LEAGANN SÍ BÉIM gur cheart freagairtí beartais ar na dúshláin dhéimeagrafacha a bheith i gcomhréir le tosaíochtaí straitéiseacha an Aontais Eorpaigh, agus nach mór iad sin a bheith bunaithe ar an saol mar atá go háitiúil agus go réigiúnach, agus gur cheart iad a cheapadh agus a chur chun feidhme le rannpháirtíocht ghníomhach na n-údarás náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil; ag cur san áireamh freisin nach ndéanann dúshláin dhéimeagrafacha difear a mhéid céanna do gach réimse, TÁ SI DEN TUAIRIM, dá bhrí sin, gur cheart go mbeadh ról lárnach ag an mbeartas comhtháthaithe i gcónaí maidir le dul i ngleic leis na dúshláin sin amach anseo freisin, trí straitéisí comhtháite áitbhunaithe agus duinebhunaithe, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta, prionsabal na comhpháirtíochta agus rialachas il-leibhéil, chomh maith le bainistíocht chomhroinnte;

(9) MEASANN SÍ go bhfuil gá le cur chuige iomlánaíoch agus tacar cuimsitheach beart faoin mbeartas comhtháthaithe chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar dhúshláin dhéimeagrafacha, go háirithe i réigiúin bheagfhorbartha, chun an t-iomaíochas agus an athléimneacht réigiúnach a neartú, an tallann a choinneáil agus filleadh daoine oilte a áirithiú chomh maith le ganntanais scileanna a chosc ar bhealach lena n-áirithítear an fás inbhuanaithe fadtéarmach agus an cuimsiú sóisialta ar fud réigiúin an Aontais, mar aon le hathchóirithe struchtúracha ábhartha atá ailínithe le tosaíochtaí na mBallstát agus lena dtacaítear le hacmhainneacht riaracháin a neartú;

(10) LEAGANN SÍ BÉIM, dá bhrí sin, ar a thábhachtaí atá sé go dtugann an beartas comhtháthaithe aghaidh ar na cuspóirí áirithe reatha atá ag CSE+ agus CFRE; agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún féachaint ar réimsí tacaíochta eile a bheidh ábhartha amach anseo chun aghaidh a thabhairt ar an athrú déimeagrafach;

(11) CUIREANN SÍ I BHFIOS GO LÁIDIR, in éagmais cur chuige uileghabhálach, go bhfuil tacaíocht faoin mbeartas comhtháthaithe chun dul i ngleic le dúshláin dhéimeagrafacha ilroinnte go fóill; LEAGANN SÍ BÉIM, go bhféadfaí aghaidh a thabhairt freisin ar riachtanais dhéimeagrafacha agus ar dhúshláin dhéimeagrafacha trí straitéisí cuimsitheacha forbartha críochaí; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, dá bhrí sin, machnamh a dhéanamh ar shineirgí a fheabhsú i gcistí an bheartais comhtháthaithe tar éis 2027, lena n-áirítear trí chuir chuige chríochacha chomhtháite a threisiú;

(12) LEAGANN SÍ BÉIM go gcuirfeadh cur chuige níos comhtháite maidir leis an mbeartas comhtháthaithe amach anseo feabhas freisin ar iarrachtaí an Aontais tionchar an athraithe dhéimeagrafaigh agus na héifeachtaí a d’fhéadfadh a bheith ag an dúshlán sin ar an aistriú glas agus ar an aistriú digiteach araon a aithint agus aghaidh a thabhairt orthu;

(13) MEABHRAÍTEAR DI go bhfuil na conclúidí seo gan dochar don idirbheartaíocht maidir leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil tar éis 2027.